CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 41/24
Lucsamburg, 5 Márta 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-588/21 P | Public.Resource.Org agus Right to Know v an Coimisiún agus páirtithe eile

# Ní mór go mbeadh chaighdeáin theicniúla chomhchuibhithe Eorpacha maidir le sábháilteacht bréagán inrochtana do shaoránaigh an Aontais

*Cuireann an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh an Choimisiúin lena ndiúltaítear rochtain ar na caighdeáin sin agus breithiúnas na Cúirte Ginearálta ag glacadh leis an diúltú sin ar neamhní*

In 2018, dhiúltaigh an Coimisiún Eorpach don iarraidh ó dhá eagraíocht neamhbhrabúsacha rochtain a thabhairt dóibh ar chaighdeáin theicniúla chomhchuibhithe a bhaineann le sábháilteacht bréagán. In 2021, dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta an diúltú sin, ach, ar achomharc, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go raibh leas sáraitheach poiblí ann a thug bonn cirt do nochtadh caighdeáin chomhchuibhithe maidir le sábháilteacht bréagán, caighdeáin chomhchuibhithe ar chuid de dhlí an Aontais iad mar gheall ar a n-éifeachtaí dlíthiúla. Mar sin, chuir an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas na Cúirte Ginearálta agus cinneadh an Choimisiúin ar neamhní.

Is dhá eagraíocht neamhbhrabúsacha iad Public.Resource.Org, agus Right to Know arb Í an aidhm atá acu saor-rochtain ar an dlí a thabhairt do gach saoránach. In 2018, d'iarr siad ar an gCoimisiún rochtain a thabhairt dóibh ar chaighdeáin theicniúla chomhchuibhithe ar leibhéal an Aontais maidir le sábháilteacht bréagán. Bhain na caighdeáin sin, go háirithe, le bréagáin agus le foirne turgnaimh i gcomhair ceimice. Dhiúltaigh an Coimisiún dá n-iarratas agus dhearbhaigh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i ndiaidh do na heagraíochtaí neamhbhrabúsacha na ceiste a chuir faoina bráid, an diúltú sin [1].

Ar achomharc, **cuireann an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas na Cúirte Ginearálta agus cinneadh an Choimisiúin chomh maith ar neamhní inniu**.

Meabhraíonn an Chúirt Bhreithiúnais go ndéantar an ceart rochtana ar dhoiciméid a rathú le dlí an Aontais d'aon saoránach den Aontas agus d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cónaí air i mBallstát, go háirithe na doiciméid sin atá ag an gCoimisiún Eorpach [2]. Féadfar rochtain ar dhoiciméad a dhiúltú, áfach, sa chás go ndéanfadh nochtadh dochar do chosaint ar leasanna tráchtála duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil, mura bhfuil leas sáraitheach poiblí ann i dtaca le nochtadh an doiciméid lena mbaineann.

Sa chás seo, **is cuid de dhlí an Aontais Eorpaigh** iad doiciméid a bhaineann le **caighdeáin chomhchuibhithe a bhaineann le sábháilteacht bréagán**. Féadfaidh éifeachtaí dlíthiúla a thabhairt do chaighdeáin den sórt sin le reachtaíocht an Aontais, go háirithe ós rud é go meastar go sásaíonn táirgí a chomhlíonann na caighdeáin sin na riachtanais a leagtar síos leis an reachtaíocht sin agus dá bhrí sin gur féidir na táirgí sin a mhargú san Aontas Eorpach. Mar sin, is féidir le caighdeán comhchuibhithe na cearta a thugtar do dhaoine aonair agus na hoibleagáidí atá orthu a shonrú. Ag féachaint go háirithe ar phrionsabal an smachta reachta agus ar phrionsabal na saor-rochtana ar an dlí, measann an Chúirt Bhreithiúnais go bhféadfadh sé go mbeadh gá ann do shaoránaigh eolas a chur ar na caighdeáin sin ar mhaithe le fíorú an gcomhlíonann táirge nó seirbhís ar leith ceanglais bhunriachtanacha na reachtaíochta sin i ndáiríre. Dá bhrí sin, **cinneann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil leas sáraitheach poiblí**

**ann lena dtugtar bonn cirt le nochtadh na gcaighdeán comhchuibhithe lena mbaineann**.

**NÓTA:** Féadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais, ach amháin ar cheisteanna dlí, i gcoinne breithiúnais nó ordaithe ón gCúirt Ghinearálta. I bprionsabal, níl éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá an t-achomharc inghlactha agus má tá bunús maith leis, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas na Cúirte Ginearálta ar neamhní. Más rud é gur féidir rialú a dhéanamh sa chás, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais féin cinneadh deiridh a dhéanamh ar an díospóid. Mura ndéanfar amhlaidh, déanfaidh sí an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal ag cinneadh na Cúirte Breithiúnais ar an achomharc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Iúil 2021, Public.Resource.Org agus Right to Know v an Coimisiún, T-185/19.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún.